**COLÁISTE FEIRSTE**

16/9/20

**Cás deimhnithe COVID-19**

A thuismitheoir/a chaomhnóir,

Is mian liom cur in iúl duit go ndearnadh tástáil Covid ar dhalta i mblianghrúpa do pháiste (Bliain 14) agus bhí toradh dearfach air.

Labhair mé leis an *Áisínteacht um Shláinte Phoiblí* inniu agus tá mé ag leanstan na comhairle s'acu i rith an ama.

Chuir muid gnásanna na scoile maidir le *Rianú Teagmhálaithe* i bhfeidhm agus shainaithin muid do pháiste mar dhuine ar féidir gur teagmhálaí cóngarach leis an chás dhearfach iad. Is teagmhálaí cóngarach é duine a bhí taobh istigh de 2 mhéadar den chás dhearfach ar feadh níos mó ná 15 bhomaite le linn na 48 uair a chloig sula raibh siomtóimí ar an chás dhearfach. Cé nach raibh gach dalta i mBliain 14 i dteagmháil dhearfach leis an chas, tá sé socraithe againn caitheamh leis an scéal seo go han-chúramach agus na daltaí uilig sa bhlianghrúpa chéanna a choinneáil sa bhaile. Is í comhairle PHA go gcaithfidh do pháiste féinleithlisiú go ceann 14 lá ón **Aoine 11 Meán Fómhair go dtí an Aoine 25 Meán Fómhair**. Is í comhairle PHA fosta nach gcaithfidh na daltaí tástáil a fháil ach má bhíonn ceann de shiomtóimí Covid orthu.

Beidh do pháiste in ann pilleadh ar scoil **Dé Luain 28 Meán Fómhair**. San idirlinn is féidir leo leanstan dá gcuid foghlama fríd ár n-ardán foghlama ar líne.

Faoi láthair tá muid ag déanamh dianghlanadh ar na seomraí atá bainteach leis an chás. Tá na seomraí eile uilig sa scoil ar fáil do na blianghrúpaí eile.

Cuirfidh PHA bileoga eolas do thuismitheorí chugam agus seolfaidh mé an t-eolas seo amach chugat chomh luaith agus is féidir.

Tuigim go mbeidh imní ar na tuismitheoirí, daltaí agus an scoilphobal. Is mian liom cur in iúl duit go bhfuil gach réamhchúram déanta againn. Tugann muid tús áite do shláinte na ndaltaí agus na mball foirne sa scoil.

Is mise le meas,

M Mac Giolla Ghunna

Micheál Mac Giolla Ghunna
Príomhoide

COLÁISTE FEIRSTE

16/9/20

Dear Parent/ Guardian,

I wish to inform you that a pupil in your child's year group (Year 14) has tested positive for Covid-19.

I have sought the most up-to-date advice from the Public Health Agency (PHA) throughout the day and would like to assure you that I am following their advice at every stage.

We have followed Track and Tracing procedures in the school and have identified your child as a *potential* close contact to the positive case. A close contact is someone who has spent more than 15 minutes within 2 metres of the positive case in the 48 hours prior to the display of symptoms in the positive case. While not all pupils in Year 14 will have been in close contact with the positive case, we have decided to err on the side of caution and keep all classes in the year group at home. PHA advice therefore is that your child must self-isolate for 14 days from Friday 11th September to Friday 25th September. PHA also advise that they do **not** need to get tested unless they display the recognized symptoms of Covid.

Your child is free to return to school on Monday 28st September. In the meantime, they can continue their learning through our online learning platform.

At this stage, the relevant classrooms will undergo an enhanced clean in the coming days. All other areas around the school remain unaffected.

PHA will send me information leaflets for parents which I will pass on to you as soon as possible.

I do appreciate the concerns of parents, pupils and the wider school community and wish to reassure you that every precaution has been taken.

Is mise le meas,

M Mac Giolla Ghunna

Micheál Mac Giolla Ghunna
Príomhoide